

Seicliosta de na Doiciméid Atá De Dhíth:

Sula gcuireann tú d'iarratas isteach, déan TEAGMHÁIL LE DO OIFIG ÁITIÚIL (tá na huimhreacha teagmhála liostáilte ar Leathanach 2 den fhoirm iarratais) chun a dheimhniú go bhfuil gach doiciméad riachtanach faoi iamh, mar go seolfar iarratais neamhiomlána ar ais agus go gcuirfidh sé sin moill ar cheadú na n-oibreacha atá beartaithe agat.

TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL GO DTUGTAR MAOINIÚ DEONTAIS DUBH MAIDIR LE NÁR GCOSTÁIS CHAIGHDEÁNACHA AGUS NACH BHFUIL SÉ BUNAITHE AR NA LUACHÁLACHA A SHOLÁTHRAÍTEAR.

Gach Cineál Deontais:

- Fianaise dheimhnithe ar ioncam don bhliain roimhe sin d'úinéir na maoine agus/nó dá chosile/dá céile. M.sh. Litir ón Roinn Coimirce Sóisialaí (**NÍ GHLACFAR le duillíní ón Oifig Phoist ná le ráitis bhainc**). Tá Ráiteas Dliteanais don bhliain chánach roimhe sin (leathanach 16 le haghaidh sonraí iomlána) ag teastáil má tá tú ag obair nó ag fáil pinsin phríobháidigh in éineacht le do phinsean stáit.
- **Priontáil “Mo Phróifíl Chánach Maoine Áitiúla (LPT)” ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim mar aon le “Achoimre ar Stair na Maoine” nó Ráiteas Cuntais.** (Féach leathanach 20 le haghaidh riachtanas eile)
- Caithfidh gach leathanach den fhoirm a bheith comhlánaithe go hiomlán.
- **Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfidh tú a bheith in ann aon chostais bhreise (más infheidhme) nach bhfuil clúdaithe ag an ndeontas a íoc.**
- Doiciméadúchán breise mar atá mionsonraithe thíos ag brath ar an gcineál deontais atá uait.

Síneadh/Tiontú go seomra leapa/seomra folctha:

- Tuarascáil Teiripeora Saothair (le haghaidh gach cineál sínte nó athrú mór ar úsáid seomra)
- Deimhniú ar Chead Pleanála nó Deimhniú Díolúine (níl sé seo riachtanach ag am an iarratais)
- Líníochtaí de na hoibreacha atá beartaithe
- Luacháil amháin (**CAITHFEAR É SEO A CHUR ISTEACH LEIS AN IARRATAS**)
- Caithfidh Deimhniú Dochtúra ar an bhFoirm a bheith comhlánaithe.

Oiriúnú Seomra Folctha:

- Sceitse den leagan amach reatha agus den leagan amach atá beartaithe
- Grianghraf den seomra folctha
- Caithfidh Deimhniú Dochtúra ar an bhFoirm a bheith comhlánaithe.
- Luacháil amháin (is féidir é seo a sheoladh isteach tar éis an t-iarratas a cheadú)

Rampaí:

- Sceitse den leagan amach reatha agus den leagan amach atá beartaithe
- Grianghraf den limistéar ina bhfuil an rampa le suiteáil
- Caithfidh Deimhniú Dochtúra ar an bhfoirm a bheith comhlánaithe
- Luacháil amháin (is féidir é seo a sheoladh isteach tar éis an t-iarratas a cheadú)

Stairlif:

- Grianghraf de na staighrí
- Caithfidh Deimhniú Dochtúra ar an bhfoirm a bheith comhlánaithe. Tabhair faoi deara go mbeidh Tuarascáil Teiripeora Saothair ag teastáil freisin (féach leathanach 21)
- Luacháil amháin (is féidir é seo a sheoladh isteach tar éis an t-iarratas a cheadú)

Atsreangú:

- Luacháil amháin
- Grianghraf de na hOibreacha Leictreacha
- Tuarascáil Chigireachta Tréimhsiúla ó leictreoir ag cur síos ar na deisiúcháin riachtanacha. (Ní mór dó a bheith ina Leictreoir Cláraithe le Safe Electric).

Príomhthéamh:

- Níl aon chabhair Deontais ar fáil chun BOILÉAR NUA BREOSLA IONTAISE (boiléar gáis nó ola) a athsholáthar nó a shuiteáil
- Chun sean-bhoiléar a dheisiú, beidh ort tuarascáil a sholáthar ó chonraitheoir téimh ag cur síos ar riocht an chórais téimh reatha.

Deisiúchán/Athsholáthar Dín:

- Luacháil Amháin (is féidir é seo a sheoladh isteach tar éis an t-iarratas a cheadú)
- Grianghraf den Dín
- Deimhniú ó do Chuideachta Árachais Tí ag rá nach gclúdóidh siad an costas nó deimhniú scríofa nach bhfuil árachas tí agat.

Fuinneoga/Doirse:

- Luacháil amháin (is féidir é seo a sheoladh isteach tar éis an t-iarratas a cheadú)
- Grianghraf de na fuinneoga/doirse – ní chlúdaíonn an deontas ach athsholáthar ar fhuinneoga ar ghloiniú singil iad nó seanghléasanna alúmanaim/adhmaid. **Ní fhéachfar ar Ghloiniú Dúbailte.**

FÉACH LE DO THOIL AR AN IARRATAS CHUN RI ACHTANAIS EILE A FHAIL MAIDIR LE CUR ISTeach AR NA DEONTAIS AGUS CHUN NÍOS MÓ OIBREACHA ATÁ CLÚDAITHE A FHEICEÁIL. (Féach Leathanach 20)
